Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach
Kilkenny and Carlow Education and Training Board

# POST AN PHRÍOMHOIDE THÁNAISTIGH
# GAELCHOLÁISTE CHEATHARLACH

## SONRAÍOCHT

**Bunriachtanais:**

Chun go mbeidh iarrthóirí incháilithe don phost seo ní mór go mbeidh:

- Cáilíocht(aí) Múinteoireachta Iar-Bhunscoile acu atá aitheanta ag an Roinn Oideachas chun críoch múinteoireachta i scoil dara leibhéal, mar a shainmhínítear sin ag an Roinn Oideachais.
- Taithí sásúil cúig bliana ar a laghad de bheith ag múineadh go lánaimseartha nó taithí inchomparáide.
- Ní mór d'iarrthóirí a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

**Príomhinniúlachtaí:**

- **Ceannaireacht – Múineadh agus Foghlaim**
  Tuigeann go bhfuil múineadh agus foghlaim ar ardchaighdeán ag croílár ghnó na scoile agus léiríonn na scileanna chun feidhmiú mar cheannaire teagaisc.

- **Ceannaireacht – Forbairt na Scoile**
  Léiríonn an cumas dearcadh leathan fadtéarmach a ghlacadh maidir le riachtanais, cuspóir agus aidhmeanna na scoile.

- **Ceannaire – Daoine agus Foirne**
  Léiríonn tiomantas agus cumas daoine agus foirne i bpobal na scoile a fhorbairt agus inniúlacht cúraimí a roinnt leis na foirne agus daoine sin.

- **Cumarsáid**
  Cumas a bheith aige nó aici tuairimí agus meonta a chur in iúl go soiléir trí chumarsáid éifeachtach, iomchuí, bháúil a dhéanamh le leas-shealbhóirí i raon leathan suíomhanna agus comhthéacsanna.

- **Scileanna Eagrúcháin, Bainistíochta agus Riaracháin**
  Baineann úsáid as go leor acmhainní, tacaíochtaí agus próisis chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an scoil ag feidhmiú ar bhealach éifeachtach.

Ar lean/ ..........

Ar lean/2 ……

- **Féinfheasacht agus Féinbhainistiú**
  Duine féinfheasach a bhfuil an cumas aige nó aici féinbhainistiú a dhéanamh agus forbairt go pearsanta agus go proifisiúnta.

**Beidh an té a cheapfar:**

- láidir mar cheannaire agus tiomanta d'oideachas, riarachán agus bainistíocht den chéad scoth a sholáthar
- paiseanta faoin oideachas
- cumasach agus iad i mbun riaracháin agus daoine a bhainistiú
- físeach agus beidh taithí aige nó aici ar thionscadail a thabhairt go ceann scríbe le hobair foirne
- feasach ar an bpobal agus eolach maidir le ról na scoile sa phobal áitiúil